# Vóta 34 Post, Fiontar agus Nuálaíochta

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe faoi riaradh na hOifige sin, chun fóirdheontais, deontais agus deontais i gcabhair áirithe a íoc, agus chun deontais áirithe a íoc faoi na scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den Chuntas.

**Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, chuir mé ráiteas isteach san fhormáid chaighdeánach maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

**John Murphy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
8 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 34: Post, Fiontar agus Nuálaíochta le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
17 Lúnasa 2012

# Vóta 34 Post, Fiontar agus Nuálaíochta
## Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Suim soláthraithe sa mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1. Tuarastail, pá agus liúntais | | 27,564 | 28,107 | 31,268 |
| A.2. Taisteal agus cothú | | 1,033 | 816 | 860 |
| A.3. Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha | | 846 | 673 | 635 |
| A.4. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 863 | 823 | 914 |
| A.5. Fearas oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 4,256 | 3,419 | 4,429 |
| A.6. Costais áitreabh oifige | | 1,169 | 1,062 | 1,035 |
| A.7. Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí[1] | | 210 | 139 | 158 |
| A.8. Fógraíocht agus poiblíocht | | 282 | 154 | 143 |
| A.9. Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | | 5,967 | 3,397 | 3,674 |
| A.10 An Chúirt Oibreachais | | 2,695 | 2,442 | 2,412 |
| A.11 An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta | | 6,946 | 6,642 | 6,935 |
| — Athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí[1] | | — | — | *5* |
| **Forbairt Fiontar, Eolaíochta agus Teicneolaíochta** | | | | |
| B.1. Forfás - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | | 42,877 | 34,683 | 35,505 |
| B.2. Forfás - Íocaíochtaí pinsin a d'eascair ón Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha)2009 | | 14,417 | 9,777 | 9,046 |
| B.3. Idir-Thrádáil Éireann | | 8,041 | 6,638 | 7,848 |
| C.1. GFT Éireann - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | | 38,577 | 37,377 | 39,240 |
| C.2. GFT Éireann - Deontais le haghaidh Tionscal | | 85,000 | 84,841 | 90,460 |
| C.3. GFT Éireann - Deontas le haghaidh maoin thionsclaíoch | | | | |
| *Suim bhunaidh* | 1,000 | | | |
| *Suim fhorlíontach* | 10,000 | 11,000 | 11,000 | 1,000 |

| **Seirbhís** | | **€000** | **2011 Suim soláthraithe sa mheastachán €000** | **2011 Toradh €000** | **2010 Toradh €000** |
|---|---|---|---|---|---|
| D.1. | Fiontraíocht Éireann - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | | 84,300 | 80,600 | 84,420 |
| D.2. | Fiontraíocht Éireann - Deontas le haghaidh Tionscal | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 78,923 | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | (12,000) | 66,923 | 54,800 | 80,123 |
| D.3. | Fiontraíocht Éireann - Deontas le haghaidh caiteachas caipitil | | 1,000 | 1,000 | 850 |
| E.1. | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | | 2 | — | — |
| E.2. | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta - Deontais do Thionscail | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 3,600 | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | 2,001 | 5,601 | 5,600 | 5,272 |
| E.3. | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta - Íocaíochtaí Pinsin a d'eascair ón Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha)2009 | | 3,516 | 2,751 | 2,834 |
| F.1. | An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | | 320,670 | 302,659 | 292,132 |
| F.2. | Baile Átha Cliath- Cathair na hEolaíochta | | 832 | 932 | 370 |
| F.3. | Clár le haghaidh Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI)[2] | | 55,563 | 57,856 | — |
| G. | Forbairt Fiontar Contae | | 27,242 | 29,957 | 31,091 |
| H.1. | Faireacháin agus measúnú ar Chláir an AE | | 89 | 16 | — |
| H.2. | Forbairt Fiontar INTERREG | | 2,000 | 1,512 | 1,379 |
| I. | An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | | 6,836 | 6,336 | 7,338 |
| — | *Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha* [2] | | — | — | *27,500* |

| Seirbhís | | 2011 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| — *An tÚdarás um Ard-Oideachas- Deontais Tógála agus Deontais Chaipitil d'Ollscoileanna agus do Choláistí, d'Institiúidí Teicneolaíochtaí d'Institiúidí ainmnithe Ard-Oideachais agus do Thaighde agus d'Fhorbairt (Deontas i gCabhair)* [2] | | — | — | *13,700* |
| **Forbairt an Lucht Oibre** | | | | |
| L. Fiontraíocht Éireann - Scéim Shealadach Fóirdheontas Fostaíochta - Airgeadteoranta | | 4,250 | 4,250 | 93,353 |
| *Riarachán agus costais ghinearálta FÁS* [3] | | — | — | *44,310* |
| *Oiliúint agus comhtháthú FÁS* [3] | | — | — | *22,184* |
| — *Cláir Fostaíochta FÁS* [3] | | — | — | *127,831* |
| — *Caipiteal FÁS* [3] | | — | — | *2,029* |
| — *FÁS- Íocaíochtaí pinsin a d'eascair ón Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha)* [3] *2009* | | — | — | *8,151* |
| — *Deontas d'Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe* [3] | | — | — | *52* |
| — *Clár Oibriúcháin d'Fhorbairt Acmhainní Daonna - Cúnamh Teicniúil* [3] | | — | — | *362* |
| — *Ciste Sóisialta na hEorpa - ciste um Thionscnaimh Phobail* [4] | | — | — | *5,845* |
| **Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch** | | | | |
| N. An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais- Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | | 5,359 | 4,959 | 5,108 |
| O.1. Deontais le haghaidh Seirbhísí Oideachais agus Comhairleoireachta Ceardchumann | | 874 | 874 | 805 |
| O.2. Cur Chun Cinn Comhpháirtíochta Chiste Nuálaíochta an Ionaid Oibre | | 296 | 255 | 307 |
| P. Cónascthaí Ceardchumann | | 10 | — | 15 |

| Seirbhís | | 2011<br>Suim soláthraithe sa mheastachán | 2011<br>Toradh | 2010<br>Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Tráchtáil, Tomhaltóirí agus Iomaíocht** | | | | |
| Q. Deontas le haghaidh an Údaráis Iomaíochta | | 5,116 | 3,621 | 4,551 |
| R.1. An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | | 6,366 | 5,499 | 5,578 |
| R.2. An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí - Deontas le haghaidh faisnéis airgeadais agus feidhmeanna oideachais | | 2,000 | 1,622 | — |
| R.3. Tacaíocht do Thomhaltóirí | | 50 | — | 29 |
| S.1. An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | | 7,428 | 7,463 | 7,897 |
| S.2. Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (Deontas i gCabhair) | | 1,598 | 1,442 | 1,282 |
| S.3. An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | | 58 | 55 | 57 |
| **Sláinte agus Sábhái** | | | | |
| T. An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | | 20,556 | 19,828 | 20,059 |
| **Seirbhísí Eile** | | | | |
| U. Taighde | | 168 | 1 | 25 |
| V. An Coiste Creata Náisiúnta do Pholasaithe Cothromaíochta Oibre/Saoil | | 2 | — | 54 |
| W. Suibscríbhinní d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, etc. | | 17,184 | 17,855 | 17,457 |
| X.1. Coimisiúin, Coistí agus Iniúchtaí Speisialta | | 425 | 207 | 299 |
| X.2. Íocaíochtaí Ilghnéitheacha | | 1,647 | 78 | 356 |
| X.3. Aoisliúntais agus Pinsin do Bhaill na Cúirte Oibreachais, an Choimisiúin um Chleachtais Shriantacha | | 758 | 587 | 561 |
| X.4. Árachas Creidmheasa Easpórtála - Aisíocaíocht leis an Státchiste | | 8 | 7 | 32 |

| | | | 2011 Suim soláthraithe sa mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 900,469 | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | 1 | 900,470 | 844,612 | 1,151,165 |
| | **Bain as** | | | | |
| Y. | **Leithreasuithe-i-gcabhair** | | 55,629 | 56,085 | 81,724 |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 844,840 | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | 1 | | | |
| | | | 844,841 | 788,527 | 1,069,441 |
| | **Barrachas don bhliain** | | | € 56,314,575 | € 41,824,150 |
| | **Tabhairt suas iarchurtha** | | | € 18,125,000 | — |
| | **Barrachas le tabhairt suas** | | | € 38,189,575 | € 41,824,150 |

[1] Cónascadh an fo-mhírchinn do Sheirbhísí Comhairleoireachta (A.7) agus Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Pholasaithe (A.12) le héifeacht ón 1 Eanáir agus léirítear iad anois mar fho-mhírcheann amháin (A.7).

[2] Taispeánadh na heilimintí caipitil agus na heilimintí reatha den chlár PRTLI ar bhonn scartha i 2010, agus déantar iad a chumasc i bhfotheideal amháin anois (F.3).

[3] Aistríodh an tseirbhís chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna le héifeacht ón 1 Bealtaine 2010.

[4] Cuireadh an fo-mhírcheann ar scor ar an 31 Nollaig 2010.

## Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | | 47,674 | 52,468 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | | 796,938 | 1,098,697 |
| **Ollchaiteachas** | | | 844,612 | 1,151,165 |
| Bain as | | | | |
| **Leithreasuithe-i-gcabhair** | | | 56,085 | 81,724 |
| **Glanchaiteachas** | | | 788,527 | 1,069,441 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | | (512) | | |
| Dímheas | | 2,391 | | |
| Diúscairtí airgid | | 5 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | | 5 | 1,889 | 1,886 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (839) | (839) | (1,117) |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | | 560 | | |
| Laghdú ar stoc | | 96 | | |
| | | | 656 | (1,205) |
| **Caiteachas díreach** | | | 790,233 | 1,069,005 |
| | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 22,048 | 22,483 |
| Measchíosanna | | | 1,669 | 2,447 |
| **Costas oibriúcháin iomlán** | | | **813,950** | **1,093,935** |

### 1.1 Glansócmhainní gaolmhara

Tá glansuim an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 34 a iompraíodh in áiteanna eile.

| Vóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 14,830 | 14,791 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 262 | 269 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 6,512 | 6,956 |
| 20 | Garda Síochána | 61 | 211 |
| | An Lár-Chiste - pinsin na nAirí etc. | 383 | 256 |
| | | **22,048** | **22,483** |

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 7,498 | 8,882 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.2 | 552 | 546 |
| | | **8,050** | **9,428** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 37,596 | 3,827 |
| Stoic | 2.4 | 279 | 375 |
| Réamhíocaíochtaí | | 442 | 439 |
| Ioncam fabhraithe | | 883 | 779 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 1,699 | 1,752 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **40,899** | **7,172** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 647 | 405 |
| Ioncam iarchurtha | | 1,668 | 1,243 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 18,774 | 3,804 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 20,521 | 1,775 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **41,610** | **7,227** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(711)** | **(55)** |
| **Glansócmhainní** | | **7,339** | **9,373** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas mhaoiniú an Stáit** | | **7,339** | **9,373** |

### 2.1 Sócmhainní Caipitil

| | **Mótarfheithiclí** | **Trealamh oifige agus TF** | **Troscán agus feistis** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2011 | 14 | 33,917 | 6,747 | 40,678 |
| Aistriú chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí [1] | — | (1,356) | (144) | (1,500) |
| Aistriú chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta [2] | — | — | (2) | (2) |
| Breiseanna | — | 1,312 | 33 | 1,345 |
| Diúscairtí | (14) | (986) | (10) | (1,010) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2011 | — | 32,887 | 6,624 | 39,511 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2011 | 9 | 25,627 | 6,160 | 31,796 |
| Dímheas ar aistriú chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí [1] | — | (1,037) | (135) | (1,172) |
| Dímheas ar aistriú chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta [2] | — | — | (2) | (2) |
| Dímheas don bhliain | — | 2,132 | 259 | 2,391 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (9) | (982) | (9) | (1,000) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2011 | — | 25,740 | 6,273 | 32,013 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011** | **—** | **7,147** | **351** | **7,498** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2010** | **5** | **8,290** | **587** | **8,882** |

[1] Aistríodh sócmhainní TFC agus troscán agus feistis a raibh glanluach leabhar de €328,197 orthu chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí, ag éirí as aistriú feidhmeanna áirithe ón Roinn seo chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí le héifeacht ón 1 Eanáir 2011.

[2] Aistríodh troscán agus feistis a raibh glanluach leabhar nialais orthu chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar athshannadh seomraí áirithe i Sráid Chill Dara don Roinn sin i 2011.

### 2.2 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

| amhail an 31 Nollaig 2011 | **Feidhmchláir ríomhairí inmheánacha** |
|---|---|
| | **€000** |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag an 1 Eanáir 2011 | 546 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 839 |
| Tugtha in úsáid sa bhliain | (833) |
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2011 | 552 |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 37,771 | 4,824 |
| Orduithe gan íoc | (175) | (997) |
| | 37,596 | 3,827 |

## 2.4 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 201 | 286 |
| Soláthairtí TF | 61 | 66 |
| Ábhair | 17 | 23 |
| | 279 | 375 |

## 2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair

| amhail an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Réamh-Óinchistí | 20 | 20 |
| An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí | 35 | 35 |
| An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta | 7 | 7 |
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí | 30 | 25 |
| Iarmhéideanna dochair ilghnéithigh | 527 | 487 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe | 1,080 | 1,178 |
| | 1,699 | 1,752 |

## 2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa

| amhail an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 66 | 101 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais | 389 | 564 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | (25) | (64) |
| Tobhach Ioncaim | (1) | (1) |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 71 | 137 |
| CBL ar Fhálacha laistigh den AE | 31 | 67 |
| | 531 | 804 |
| Iarmhéideanna creidmheasa ilghnéithigh[1] | 18,243 | 3,000 |
| | 18,774 | 3,804 |

[1]Cuimsíonn sin suim de €16.108m a thug Fiontraíocht Éireann ar ais don Roinn maidir le cistí gan úsáid agus ioncam acmhainne féin farasbairr. Fuarthas an t-airgead seo ag an Roinn ar 29 agus ar 31 Nollaig 2011 agus ina dhiaidh sin íocadh don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar Fháltas Breise Státchiste i Mí Eanáir 2012.

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas le tabhairt suas | 38,190 | 41,824 |
| Tabhairt suas iarchurtha | 18,125 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (35,794) | (40,049) |
| Glandliteanas don Státchiste | 20,521 | 1,775 |
| **Atá léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 37,596 | 3,827 |
| Iarmhéideanna dochair ar fionraí | 1,699 | 1,752 |
| | 39,295 | 5,579 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (531) | (804) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (18,243) | (3,000) |
| | (18,774) | (3,804) |
| | 20,521 | 1,775 |

## 2.8 Ceangaltais

amhail an 31 Nollaig

| **Ceangaltais dhomhanda** | | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Soláthar** | 71 | 734 |
| **(B)** | **Deontais*** | 1,239,167 | 1,421,238 |

*áirítear leo caiteachas ó ioncam acmhainní féin.

**Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla os cionn €6.35m [1]**

| | Caiteachas Carnach chomh fada leis an 31 Nollaig 2010<br>€000 | Caiteachas i 2011<br>€000 | Blianta Ina Dhiaidh Sin<br>€000 |
|---|---|---|---|
| GFT Éireann | 188,400 | 40,000 | 93,900 |
| Fiontraíocht Éireann [2] | 71,259 | 19,591 | 112,700 |
| Forbairt na Sionainne | 8,412 | 4,588 | 10,420 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann [2] | 180,803 | 53,866 | 126,577 |
| An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRLTI) | 4,192 | 30,307 | 138,577 |
| | 453,066 | 148,352 | 482,174 |

[1] Baineann sé seo le conarthaí aonair a raibh luach os cionn €6.35m orthu.

[2] Coigeartaíodh caiteachas carnach chomh fada le Nollaig 2010 tar éis athbhreithnithe ar chaiteachas i mblianta roimhe ar chonarthaí a raibh luach €6.35m orthu.

## 2.9 Dliteanais Aibithe

B'ionann dliteanais aibithe mheasta nár scaoileadh ag deireadh na bliana agus €454,497.

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-mhírcheann caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% níos mó nó níos lú ná ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás fo-mhírchinn riaracháin).

| Fo-mhírcheann | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.8. | 128 | Mar aon leis an gcroí-chaiteachas ar fhógraíocht, ar phoiblíocht agus ar shuibscríbhinní, níor tháinig caiteachas a rabhthas ag dréim leis ó 2007 le haghaidh chur chun feidhme Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, chun cinn go dtí seo. D'fhoilsigh an Roinn Scéim Reachtúil faoin Acht i 2010, agus rinneadh foráil sna Meastacháin do 2011 do chaiteachas a bhaineann le cur chun feidhme na bPointí Gníomhaíochtaí éagsúla faoin Scéim ach, mar gheall ar easpa foirne, cuireadh moill ar an bPlean Cur Chun Feidhme. |
| A.9. | 2,570 | D'eascair na coigiltí go príomha ón eilimint neamhphá de bhuiséad Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Den chuid is mó, bhí sé seo amhlaidh mar gheall ar chostais dlí a bheith i bhfad níos lú ná mar a ceapadh, mar nár tháinig breithiúnais ionchasacha na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte chun cinn. |
| B.1. | 8,194 | Tháinig coigiltí de €6.984m ar phinsin B1 chun cinn go príomha mar gheall go raibh níos lú scor i 2011 ná mar a ceapadh. Tugadh isteach sa Bhuiséad do 2011 tobhach ar phinsin reatha (Laghdú Pinsin na Seirbhíse Poiblí), rud a laghdaigh leibhéal na n-íocaíochtaí ar phinsin reatha. Tá coigilt €0.6m ar an eilimint neamhphá inchurtha i leith uainiú na socrúchán conarthaí agus an chríochnaithe oibre. |
| B.2. | 4,640 | Tháinig an choigilt ar phinsin B2 chun cinn go príomha mar gheall go raibh níos lú scor i 2011 ná mar a ceapadh. |
| B.3. | 1,403 | Tháinig an gannchaiteachas chun cinn mar gheall ar choigiltí de €231,281 ar an ráta malairte euro/steirling le linn 2011 (oibríonn Idir-Thrádáil Éireann i steirling) agus mar gheall go ndearna an Roinn laghdú €1,172,058 (comhionann le Stg£1m) ar an iarmhéid in airgead tirim i mí na Nollag, rud a chuir deireadh leis an ngá leis na cistí seo a tharraingt anuas i 2011. Comhaontaíodh an laghdú i gcomhar le Roinn chomhurraithe Idir-Thrádáil Éireann i dTuaisceart Éireann. |
| D.2. | 24,123 | Tharla coigilt reatha D2 de €1.1m go príomha mar gheall ar chealuithe agus ar chur siar tionscadal faoi na cláir forbartha um bainistíocht cliant. Tá coigilt chaipitil D2 de €23m go príomha mar thoradh (1) ar ghannchaiteachas €15m ar an gCiste Nuálaíochta agus (2) ar Thacaíochtaí Airgeadais do Thionscadail Tionscal agus Leathnaithe. Le linn 2011 rinne Fiontraíocht Éireann scrúdú mionsonraithe ar cheangaltais agus ar thionscadail amach anseo D2 agus d'aithin sí gannchaiteachas measta de €8m. |

| **Fo-mhírcheann** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh** | **Míniú** |
|---|---|---|
| E.3 | 765 | Tháinig an gannchaiteachas chun cinn mar gheall ar an deacracht a bhaineann le líon ionchais na ndaoine a rachadh ar scor le linn 2011 a mheas. Laghdaigh an Buiséad do 2011 tuarastal do phinsinéirí, rud a laghdaigh riachtanas tarraingthe anuas E3 le haghaidh Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne. |
| F.1. | 18,011 | Bhí gannchaiteachas de €7m ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar dheontais Chaipitil. Bhain sé seo go príomha le caiteachas laghdaithe ar cheangaltais reatha ó dheontais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a bronnadh i mblianta roimhe. Bhí ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann freisin athsceidealú a dhéanamh ar íocaíochtaí áirithe ar thionscadail taighde go 2012. Bhí coigiltí Pá de €395k agus coigiltí Neamh-Phá de €1.105m ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Mar thoradh ar an tsuim a tharraing Fiontraíocht Éireann anuas, bhí coigilt de €9.25m i.e. (Coigilt Chaipitil de €9m agus Coigilt Reatha de €0.25m). |
| F.2 | (100) | Bhí gá le leithdháileadh breise de €100,000 do chlár ESOF/Baile Átha Cliath- Cathair na hEolaíochta 2012 mar rinneadh an cinneadh clárú a oscailt i mí na Samhna 2011 seachas i mí na Samhna 2012 mar a bhí beartaithe ar dtús. Mar gheall air seo, éilíodh go ndéanfaí feachtas fógraíochta i 2011. Níor cuireadh Maoiniú ón AE don chlár ar fáil go 2012. Bhíothas ag súil go mbeadh roinnt maoinithe i 2011. |
| F.3 | (2,293) | Tharla gannchaiteachas reatha an Chláir le haghaidh Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal de €2.7m mar gheall ar chaiteachas ar roinnt tionscadal, go príomha ar chúig Chlár Struchtúrtha PhD Shraith 5 déag, rudaí nár tosaíodh ach san fhómhar i 2011, a bheith níos moille ná mar a ceapadh. Tarraingíodh leithdháileadh Caipitil €27.007m an Chláir le haghaidh Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal go hiomlán anuas. Ina theannta sin, mar gheall ar choigiltí caipitil a d'eascair ó áiteanna eile agus mar gheall ar cheangaltais an Státchiste faoin gClár le haghaidh Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, fuarthas cead chun caipiteal breise €5m a sholáthar do chaiteachas i 2011. Mar thoradh ar na tosca thuas, bhí difríocht iomlán €2.29m os cionn leithdháileadh tosaigh ceadaithe an Chláir le haghaidh Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal do 2011. |
| G. | (2,715) | Cuireadh suim iomlán de €27.2m ar fáil faoin bpróiseas Meastacháin do na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach (BFCCanna). Cuireadh Caipiteal breise €3.3m a foinsíodh ó choigiltí in áiteanna eile sa Roinn leis an tsuim seo sa cheathrú ráithe de 2011. Tabhaíodh an barrachas i gcaiteachas Caipitil agus úsáideadh é chun tacú le tionscnamh gnó agus le coinneáil post i ngnólachtaí reatha. |
| H.2. | 488 | Bhí de thoradh ar easpa iarratas tionscadail Fiontair d'ardchaighdeán moill sa phróiseas faofa agus i ngnólachtaí nuathionscanta. Bhí an Roinn agus na gníomhaireachtaí ag obair i gcomhar le Invest NI agus leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta (DETI) sa Tuaisceart le feabhas a chur ar chaighdeán na n-iarratas. |
| I. | 500 | Ní raibh a leithdháileadh iomlán ag teastáil ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann i 2011 mar gheall ar rialú costas daingean as ar tháinig eis-sreabhadh airgid níos ísle agus mar gheall ar a phróiseas bailithe fiach a thug sreabhadh airgid isteach a bhí níos mó ná mar a ceapadh. |

| Fo-mhírcheann | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| N. | 400 | D'eascair an choigilt €80,922 i bpá ó fholúntais foirne nár líonadh. Bhí an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais ar an eolas go mbeadh athchóiriú na gComhlachtaí Stáit a bhfuil baint acu i gCearta Fosaíochta agus i gCaidreamh Tionsclaíoch mar chuid den chlár oibre athchóirithe uileghabhálach i 2011 agus rinne an tAire fógra den sórt sin ar an 1 Iúil 2011. In oirchill na forbartha seo, chuir an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais moill ar chaiteachas áirithe a bhí beartaithe chun feabhas a chur ar Chórais Bhainistíochta Cásanna, ar ghníomhaíocht eile a bhaineann le TF agus ar Thaighde. B'ionann an choigilt i Neamh-Phá agus €320,000. |
| Q. | 1,495 | Níor tharraing an tÚdarás aon chuid dá leithdháileadh buiséid neamhphá de €1,008,000 anuas le linn 2011 mar gheall ar bharrachas a bheith aige ina chuntas bainc. D'eascair an barrachas ó charnadh cistí chun an dliteanas teagmhasach a chlúdach, rud a bhain le bronnadh costas dlí, measta ag €1.7m, in aghaidh an Údaráis i gcás na hArd-Chúirte. Níor tháinig an dliteanas chun cinn i 2011 mar nár éisteadh achomharc an Údaráis chuig an Ard-Chúirt. Níor bhain an tÚdarás úsáid as a leithdháileadh buiséid phá iomlán mar nár tháinig ranníocaíochtaí breise fostóirí pinsin a ndearna an Roinn foráil bhuiséid dóibh chun cinn i 2011. |
| R.1 | 867 | Bhí gannchaiteachas €426,792 i mbuiséad pá na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí mar nach raibh an Ghníomhaireacht in ann leibhéil foirne cheadaithe an Chreata Rialaithe Fostaíochta a bhaint amach le linn 2011. Bhí gannchaiteachas €440,454 sa bhuiséad neamhphá mar gheall ar laghdú ar eisíocaíochtaí airgeadais sna réimsí taighde sheachtraigh, dlí agus fógraíochta agus margaíochta. Tugadh suim de €87,000 ar ais don Státchiste i mí an Mhárta agus thug an Ghníomhaireacht €231,000 ar ais i mí na Samhna 2011. |
| R.2 | 378 | Maoiníonn an Roinn costais neamhphá na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí tríd an bhfo-mhírcheann seo agus aisíocann an Ghníomhaireacht leis an Roinn ar aisíoc an tobhaigh. Ní raibh gá le suim de €130,000 mar gur laghdaigh an Banc Ceannais a tháille mheasa maidir le bailiú thobhach na seirbhísí airgeadais thar ceann na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí le linn 2011. Ní raibh gá le suim bhreise de €170,000 le haghaidh imeachtaí ionchasacha chun tobhaigh a ghnóthú ó aonáin seirbhísí airgeadais mhainneachtana mar go raibh an bailiú do thobhaigh do 2011 fós ar siúl. D'eascair iarmhéid an ghannchaiteachais (€77,799) ón gcaiteachas ar na Seirbhísí Airgeadais, Oideachais, Margaíochta agus Dáilte a bheith níos ísle ná mar a ceapadh. |
| S.2 | 156 | Cheadaigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann líon foirne de 15 duine. Ag deireadh mhí na Nollag 2011, b'ionann an líon foirne agus 14 duine. Mar gheall air seo, bhí gannchaiteachas i 2011 |
| U. | 167 | Rinne an Roinn iarrachtaí chun íoslaghdú a dhéanamh ar chaiteachas ar chomhairleachtaí i gcomhréir le cinntí an Rialtais roimhe agus le treoracha an Roinn Airgeadais sna blianta beaga anuas, agus leathnaíodh an cur chuige sin chuig an bhfó-mhírcheann Taighde. |

| **Fo-mhírcheann** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh** | **Míniú** |
|---|---|---|
| X.1 | 218 | Tá sé deacair caiteachas a d'fhéadfadh a bheith ann faoin bhFo-mhírcheann seo a thuar go cruinn. Rinneadh coigiltí ar fud gach ní ainmniúil san fho-mhírcheann seo mar gheall ar na bearta laghdaithe costais a rinneadh le linn na bliana. |
| X.2 | 1,569 | Soláthraítear an meastachán san Fho-mhírcheann seo chun raon de chostais dlí atá deacair a thuar go cruinn a chlúdach. D'eascair coigiltí go príomha mar nár tháinig costais dlí réamh-mheasta chun cinn ina dhiaidh sin. |
| X.3 | 171 | Mar aon le híocaíochtaí i leith scor éigeantach agus íocaíochtaí pinsin le baill scortha na Cúirte Oibreachais, is í an chúis atá leis an éagsúlacht idir an tsuim soláthraithe sa mheastachán agus an toradh go ndearnadh foráil do scoir fhéideartha mar gheall ar leathnú na tréimhse breise ina raibh scoir bunaithe ar thuarastail (réamhghearrtha) i 2009. Rinneadh forálacha freisin do theagmhais amhail scoir dhrochshláinte nó Bás i Seirbhís. Is gá forálacha teagmhasacha a dhéanamh mar gheall ar a nádúr gan choinne. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasuithe i gCabhair | 2011 Measta | 2011 Réadaithe | 2010 Réadaithe |
|---|---|---|---|
| €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialta | 2,020 | 3,152 | 4,486 |
| 2. Táillí Ceadanna Oibre | 5,500 | 2,868 | 3,816 |
| 3. Ceadúnais do Ghníomhaireachtaí Fostaíochta | 230 | 216 | 223 |
| 4. An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 18,000 | 20,604 | 20,254 |
| 5. Clárlann na gCara-Chumann | 100 | 101 | — |
| 6. Fáltais faoi Acht na dTrád-Mharcanna, 1963 agus faoi Acht na bPaitinní, 1964 | 9,000 | 8,271 | 8,978 |
| 7. Ceadúnais Trádála Ócáidí | 8 | 4 | 3 |
| 8. An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí | 374 | 383 | 370 |
| 9. Fógraí Cumaisc | 320 | 320 | 384 |
| 10. Fáltais ó GFT Éireann | — | — | 13,836 |
| 11. Fáltais dlí Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 50 | 211 | 22 |
| 12. Forbairt Fiontar Contae | 350 | 27 | 332 |
| 13. Ilghnéitheach | 70 | 176 | 1,229 |
| 14. Fáltais ón Údarás Iomaíochta | — | 400 | 1 |
| 15. Beartas Fiontraíochta (Idir-Thrádáil Éireann) | 50 | 93 | 37 |
| 16. An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí – Deontas le haghaidh Faisnéis Airgeadais agus feidhmeanna oideachais | 2,000 | 1,563 | — |
| 17. Aisíocaíocht tuarastail Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | 241 | 490 | 313 |
| 18. Tuarastal agus aoisliúntas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 1,909 | 1,909 | 1,233 |
| 19. Aoisliúntas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta | 600 | 369 | 522 |
| 20. GFT Éireann – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) | 2,290 | 2,371 | 2,586 |
| 21. Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) | 1,040 | 1,138 | 1,143 |
| 22. Fáltais ó asbhaint Phinsean-ábhartha ar luach saothair Seirbhíse Poiblí | 11,477 | 11,419 | 13,555 |
| *Pinsin FÁS* [1] | — | — | *1,226* |
| *Pinsin FAS – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha)* [1] | — | — | *1,223* |
| *Ciste Sóisialta na hEorpa* [1] | — | — | *5,952* |
| **Iomlán** | **55,629** | **56,085** | **81,724** |

[1] Aistríodh an tSeirbhís chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna le héifeacht ón 1 Bealtaine 2010

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach ceannteideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos ná an tsuim a measadh agus breis is 5% níos mó nó níos lú ná ón tsuim a measadh.

| Ceann-teideal | Níos lú/ (níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 1 | (1,132) | Aistríodh an fhreagracht as riarachán na Scéimeanna Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí le héifeacht ón 1 Eanáir 2011, le haistriú comhfhreagrach foirne lárnaí agus buiséad bainteach. Sannadh acmhainní suntasacha foirne, áfach, don obair go fóill go dtí aistriú foirmiúil an riaracháin, rud a bhí ar siúl ag deireadh mhí Mheán an Fhómhair agus a thugann cúiseanna leis an gcúiteamh níos airde bainteach leis na scéimeanna sin ná a measadh. |
| 2 | 2,632 | Is féidir an laghdú ar fháltais a chur den chuid is mó i leith €2m a cuireadh san áireamh sa Mheastachán 2011 ar dtús chun cúis a thabhairt leis an bhféidearthacht go bhféadfaí ioncam táille teacht aníos mar thoradh ar an mbunú creata, i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, chun tabhairt faoi shaincheist na mac léinn am istigh agus faoin gcor chun donais leanúnach sa gheilleagar freisin, rud a bhí ina chúis le laghdú ar éilimh le haghaidh ceadanna. |
| 4 | (2,603) | Tá pionóis ar chomhdú mall chomh mór sin in ioncam san Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus is deacair réamhaisnéis a dhéanamh ó bhliain go bliain ar líon na gcuideachtaí a bheidh mall le comhdú a dtuairisceán bliantúil. Bhí treocht anuas ann in ioncam na hOifige um Chlárú Cuideachtaí le blianta beaga anuas agus, mar thoradh air sin, measadh meastachán €18m a bheith stuama do 2011. Bhí ioncam níos airde ná lena rabhthas ag coinne i 2011, de bharr méadaithe ar phionóis ar chomhdú mall, go príomha, i gcomparáid le 2010. |
| 6 | 729 | D'imir cúngú i ngníomhaíocht ghnó in Éirinn a raibh an cúlú mar chúis leis drochthionchar ar fháltais táille na hOifige go pointe níos mó ná lena rabhthas ag coinne. De bhreis air sin, ní bhfuarthas go dtí mí Eanáir 2012 roinnt fáltas ón EDMI de mhéid €109,134 a bhí dlite le híoc i mí na Nollag 2011. |
| 11 | (160) | Is deacair réamhaisnéis a dhéanamh ar líon na bhfáltas mar is deacair costais a bhronntar ar Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. B'ionann an meastachán €50,000 agus figiúr barúlach. |
| 12 | 332 | Is figiúr ainmniúil é an meastachán, atá táscach maidir leis an gcumas atá ag airgead deontais na mBord Fiontar Contae arna scaipeadh le linn bliana roimhe sin a bheith le tabhairt ar ais ag tionscnóirí tionscadal micreathionscadail i gcás nach bhfuil siad incháilithe le haghaidh an deontais níos mó. Ní bhfuarthas an t-airgead sin i 2011. Ina theannta sin, mar gheall ar líon níos airde scor foirne ná lena rabhthas ag coinne, bhí ioncam ranníocaíochta ó na scéimeanna pinsin níos lú ná na híocaíochtaí amach lena rabhthas ag coinne. Seasann an figiúr ioncaim €26,842 d'fháil mhall ranníocaíochtaí scéim pinsean fhoireann na mBord Fiontar Contae do 2010, arna bhfáil ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i mí Eanáir 2011. |
| 13 | (106) | Mar gheall ar a nádúr is deacair tuar a dhéanamh maidir le leibhéal na bhfáltas a gheofar faoin gcatagóir seo. Cuimsíonn an barrachas roinnt fáltas ilghnéitheach. |

| Ceann-teideal | Níos lú/ (níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 14 | (400) | Bhí an fáltas i ndáil leis an socrú costas i ngníomh forfheidhmiúcháin an Údaráis Iomaíochta san Ard-Chúirt in aghaidh Shochaí Forbartha an Tionscail Mhairteola. D'astarraing an cosantóir a chosaint i mí Eanáir 2011 agus scriosadh an cás amach. Chomhaontaigh an tÚdarás le scriosadh amach an cháis ar an mbonn go ndearna an cosantóir ranníocaíocht shuntasach le costais dlí an Údaráis. B'ionann an ranníocaíocht seo agus €400,000. |
| 16 | 437 | Déantar faisnéis airgeadais agus feidhmeanna oideachais na Gníomhaireachta a mhaoiniú trí bhíthin tobhaigh ar aonáin rialáilte seirbhíse airgeadais. Maoiníonn an Roinn na costais neamhphá agus déanann an Ghníomhaireacht aisíocaíocht leis an Roinn tar éis chúiteamh an tobhaigh seo, arb ionann é agus socrú neodrach Státchiste. Tháinig an t-athraitheas seo aníos toisc nach bhfuair an Ghníomhaireacht an t-airgead ar fad a bhí dlite di ón tobhach i 2011 agus aisíocadh an t-iarmhéid leis an Roinn i 2012. |
| 17 | (249) | Soláthraíonn an Státchiste 50%, a bheag nó a mhór, de chistiú Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann. Is í an mheicníocht i leith chur ar fáil an chistithe seo go soláthraíonn an Roinn seirbhísí párolla d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus go n-íocann an Roinn tuarastal foirne na Gníomhaireachta ar fad. Ós rud é go sáraíonn costas na dtuarastal an riachtanas cistithe, d'aisíoc Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann an difríocht. Bhí an aisíocaíocht níos mó ná lena rabhthas ag coinne mar nár earcaigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann a líon lán foirne faoi dheireadh na bliana. |
| 19 | 231 | Baineann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ranníocaíochtaí pinsin as a chuid fostaithe trína chóras párolla. Cuireann sé na ranníocaíochtaí seo agus airgead aoisliúntais eile glan ó chnapshuimeanna scoir/aiscí báis srl. ar ais chuig an Roinn gach mí. B'ionann an ollranníocaíocht aoisliúntais arna fáil agus €664,179 san iomlán. Asbaineadh €279,979 i ndáil le cnapshuimeanna/aiscí báis srl. a íocadh, rud a d'fhág €384,200 a bheadh le cur ar ais chuig an Roinn. Laghdaigh aisce bháis agus aisce scoir nach raibh réamh-mheasta an méid a aisíocadh. Cuireadh íocaíocht aoisliúntais na Nollag de €14,986 ar ais i 2012. |

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | Measta € | Réadaithe € |
|---|---:|---:|
| Creidmheas Easpórtála – aisghabhálacha ón Iaráic | 50,000 | — |
| GFT Éireann – fáltais ón Tionscadal Idirnascachta | — | 45,985 |
| GFT Éireann – Reatha | — | 20,000 |
| GFT Éireann – Caipiteal (C2, C3) | — | 110,000 |
| Fiontraíocht Éireann – Reatha (D1, D2, F1, G1) | — | 3,320,822 |
| Fiontraíocht Éireann – Caipiteal (D2, D3) | — | 33,299,924 |
| Forfás – Reatha | 1,232,000 | 1,232,000 |
| An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta – Aisíocaíocht Costas Bunaithe | — | 6,937,640 |
| An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | 99,000 | 99,314 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann - Caipiteal (F) | — | 20,436 |
| An tSochaí Faisnéise – Aisíocaíocht i ndáil le tionscadail de chuid | — | 10,122 |
| Ilghnéitheach | — | 685,397 |
| | 1,381,000 | 45,781,640 |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon Foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 831 | 861 |

| | 2011<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 38,180 | 41,197 |
| Liúntais i leith dualgas níos airde, speisialta nó breise | 631 | 763 |
| Liúntais eile | 430 | 382 |
| Ragobair | 345 | 722 |
| ASPC Fostóra | 2,066 | 2,215 |
| **Pá Iomlán** | **41,652** | **45,279** |

**Nóta: Gearrtar pá iomlán €41.652m ar fho-cheannteidil A.1, A.3, A.9, A.10, A.11 agus S.1.**

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon Faighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2011 € | Uasíocaíocht aonair 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 97 | 4 | 20,614 | 24,026 |
| Liúntais eile | 191 | 3 | 69,127 | 56,316 |
| Ragobair | 142 | 8 | 12,831 | 19,266 |

**Nóta: Fuair daoine áirithe luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin.**

## 5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Níor íocadh aon íocaíochtaí feidhmíochta ná fiúntais i 2011.

## 5.3 Socruithe Luach Saothair Eile

Íocadh €14,196 san iomlán le triúr státseirbhíseach ar scor a bhí rannpháirteach i ndualgais éagsúla an athuair le linn 2011.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Cistiú ón AE

Ní bhfuair aon fhorais faoi choimirce na Roinne cúnamh go díreach ón AE i 2011.

| Fo-theideal | Tuairisc | 2011 Iomlán € | 2010 Iomlán € |
|---|---|---|---|
| E.2. | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionainne | — | 206,857 |
| | | — | 206,857 |

## 6.2 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

| | Bliain an cheaptha | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|---|
| An Coiste Creata Náisiúnta do Pholasaithe Cothromaíochta Oibre/Saoil | 2004 | — | 53,706 |
| Comhchoistí Oibreachais [1] | 1946 | 18,746 | 18,036 |
| Fiosrúcháin um Dhlí na gCuideachtaí | 1994 | — | 15,246 |
| Grúpa Athbhreithnithe um Dhlí na gCuideachtaí | 2000 | 19,966 | 23,780 |
| Grúpa ar Rialúchán Gnó | 2006 | 15,054 | 36,970 |
| Sábháilteacht san Ionad Oibre | 2002 | 140,000 | 200,000 |
| Coiste Iniúchta na Ranna | 2004 | 4,500 | 498 |
| Grúpa Athbhreithnithe Dlí ar Dhíolacháin | 2009 | 9,173 | 4,197 |
| Iomlán | | 207,439 | 352,433 |

[1] I mí Iúil 2011, d'aimsigh Rialú ón Ard-Chúirt go raibh oibriúchán an Chórais Choimhchoistí Oibreachais

## 6.3 Aisíoc na dTáillí um Cheadanna Fostaíochta

Go mall i 2011, shonraigh athbhreithniú ar an mbonn dlí le haghaidh táillí a ghearradh ar Cheadanna Fostaíochta gur cheart don uastáille chuí le haghaidh na hathnuachana ceada d'fhostaithe na chéad uaire a bheith mar €1,500 agus ní €2,250, faoi na rialacháin reatha. Tá socruithe á ndéanamh chun an líon beag iarrthóirí ceada a d'aisíoc an táille níos airde a aisíoc. Déanfar na haisíocaíochtaí seo i 2012 agus meastar gurb ionann an aisíocaíocht iomlán atá dlite agus €12,000.

## 6.4 Íocaíochtaí Ilghnéitheacha

**Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna - Ráiteas Íocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le hAlt 25(1) den Acht um Sheirbhísí Saothair, 1987**

| | Carnach go dtí an 31 Nollaig 2011 € | Iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 € | Iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 € |
|---|---|---|---|
| An méid a fuair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 2,890,713,003 | 310,750 | 544,455 |
| An méid a d'íoc an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta isteach sa Státchiste | 2,890,713,003 | 310,750 | 544,455 |